
Monatóireacht PublicJobs ar Chumas Gaeilge na n-Iarrthóirí




Eochairfhocail: monatóireacht, státseirbhís, iarrthóir, dualgas dlíthiúil, measúnú
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén rud go díreach nach ndéanfaidh PublicJobs monatóireacht air?
2. Cén dualgas dlíthiúil atá ar an státseirbhís faoin Acht Teanga?
3. Cathain go díreach a chuir Nuacht TG4 agallamh ar an IarThaoiseach Enda Kenny?
4. Cén gheallúint a thug an Taoiseach Enda Kenny ag an am sin?
5. Cad é an cleachtas reatha atá ag PublicJobs faoi láthair maidir leis an nGaeilge?
6. Cé mhéad duine a d'earcaigh PublicJobs don tseirbhís phoiblí idir tús 2025 agus lár 2026?
7. Cad é an t-eolas nach mbailíonn PublicJobs maidir le 97% d'earcaithe nua don tseirbhís phoiblí?
8. Ar mhaith leat féin a bheith ag obair sa tseirbhís phoiblí? Cén fáth?

Monatóireacht PublicJobs ar Chumas Gaeilge na n-Iarrthóirí




Eochairfhocail: monatóireacht, státseirbhís, iarrthóir, dualgas dlíthiúil, measúnú
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Gníomhaíocht Labhartha:

Ag obair le do pháirtí ranga déanaigí plé ar na ceisteanna seo a leanas:

- Ainmnigh cúig shaghas jab a bheadh sa tseirbhís phoiblí?
- An bhfuil aithne agat ar aon duine a oibríonn sa tseirbhís phoiblí? Má tá, cén saghas jab atá ag an duine sin?
- An bhfuil aithne agat ar aon duine a úsáideann an Ghaeilge ag an obair? Má tá, cén jab atá ag an duine sin?
- Céard iad na jabanna sa tseirbhís phoiblí a mbeadh ardchaighdeán Gaeilge ag teastáil lena n-aghaidh?
- Ainmnigh cúig shaghas jab a bheadh i gceist leis an earnáil phríobháideach?
- An gceapann tú gur cheart go mbeadh Gaeilge agus Béarla ag 20% d'earcaithe nua sa tseirbhís phoiblí? Cén fáth?

Monatóireacht PublicJobs ar Chumas Gaeilge na n-Iarrthóirí




Eochairfhocail: monatóireacht, státseirbhís, iarrthóir, dualgas dlíthiúil, measúnú
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Scríobh caint ghairid faoin dualgas dlíthiúil atá ar an rialtas go gcaithfidh 20% d'earcaithe nua sa státseirbhís faoin mbliain 2030 a bheith in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge? Glac ceachtar den dá thaobh den argóint. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

- Déanann sé leithcheal ar dhaoine
- Míchothrom
- Míréalaíoch
- Ba cheart go mbeadh ....
- Dul chun cinn a bheadh ann...
- Earcaithe nua
- Tá géarghá leis
- Níl an t-éileamh ann i measc an phobail.....

Monatóireacht PublicJobs ar Chumas Gaeilge na n-Iarrthóirí



Eochairfhocail: monatóireacht, státseirbhís, iarrthóir, dualgas dlíthiúil, measúnú
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Freagraí:

1. Cumas Gaeilge gach iarrthóra a chuireann isteach ar phost sa státseirbhís
2. Go mbeidh 20% den líon foirne inniúil ar an nGaeilge faoin mbliain 2030
3. Feabhra 2016
4. Gur mhaith leis an líon foirne a bheadh in ann a bheith ag obair trí mheán na Gaeilge sa státseirbhís a ardú go 20%
5. Measúnú a dhéanamh ar chumas Gaeilge iarrthóirí a bhfuil cáilíocht sa Ghaeilge riachtanach luaite leis an bpost nó daoine a bhfuil Gaeilge acu agus gur mhaith leo tabhairt faoi thástáil teanga
6. 12,300 duine
7. Cumas Gaeilge na ndaoine sin